



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATH-AOIS, 1492 - 1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuairisc ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'Iarrthóirí

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

An Eoraip: Topaic 1

An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Colscaradh Anraí VIII agus Chaitriona Aragon.

Déan staidéar ar an na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
 - (a) Dar le doiciméad A, cé a dúirt le Anraí VIII nár bhean chéile dhlísteanach dó í an bhanríon?
 - (b) Dar le doiciméad A, cad a bhí ag cur as do choinsias an Rí?
 - (c) Dar le doiciméad B, cé chuige a ndeachaigh Caitriona Aragon ag lorg chothrom na féinne?
 - (d) Dar le doiciméad B, cé mhéad bliain a bhí Anraí agus Caitriona pósta?
 - (e) Dar le doiciméad B, cén sórt bean chéile í Caitriona Aragon?

(40)
2.
 - (a) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a thugann cuntas fabhrach ar phósadh Anraí VIII agus Caitriona Aragon? Mínigh do fhreagra agus tagairt á dhéanamh agat don dá dhoiciméad.
 - (b) Déan cur síos ar bhealach amháin ina mbréagnaíonn doiciméad A doiciméad B. Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)
3.
 - (a) Cén sórt argóintí a d'úsáid Anraí VIII chun cur ina luí ar a lucht leanúna gur cheart colscaradh a thabhairt dó?
 - (b) Cad a fhoghlaimimid faoi charachtar agus faoi spiorad Chaitriona Aragon as na doiciméid A agus B?

(20)
4. Cad iad na hiarmhairtí a bhí ann do chúrsaí reiligiúin i Sasana de thoradh cholscaradh Anraí VIII agus Chaitriona Aragon?

(20)

- Doiciméad A -

Oráid (arna chur in eagar) de chuid Anraí VIII is ea é seo. Thug sé an oráid dá uaisle, dá bhreithiúna agus dá chomhairleoirí i Samhain na bliana 1528. Scríobh an dlíodóir, Edward Hall, cuntas ar a raibh le rá aige.

Mura mbíonn a fhios againn ar uair ár mbáis cé atá le teacht in oidhreacht orainn, beidh trioblóid i ndán daoibhse agus do bhur bpáistí. Ba é toil Dé Uilechumhachtaigh é iníon álainn a chur chugainn agus ba mhór an taitneamh agus an sásamh dúinn breith an pháiste sin. Ach tá a lán eaglaiseach iomráiteach tar éis a rá linn nach iníon dlisteanach dúinn í agus nach bean chéile dhlísteach dúinn í a máthair ach go mairimid le chéile in adhaltranas oscailte. Cuireann na focail sin as go mór do mo chorp agus do m'anam. Cuireann na rudaí seo as go mór do mo choinsias gach lá agus gach uair den lá. Má mheastar an Bhanríon a bheith ina bean chéile dhlísteach agam de réir dhlí Dé, ní bheidh aon ní níos taitneamhaí ná níos inghlactha agam le mo shaol, chun mo choinsias a ghlanadh agus ina theannta sin i ngeall ar na dea-thréithe is eol dom a bheith inti.

Foinse: John Lotherington, *The Tudor Years*, Hodder and Stoughton, 1994.

- Doiciméad B -

Sliocht (arna chur in eagar) is ea é seo ina ndéanann duine a bhí i láthair cur síos ar Chaitriona Aragon i gcúirt an Rí in Blackfriars, 18 Meitheamh 1529.

D'éirigh an Bhanríon Caitriona Aragon agus gach duine ag féachaint uirthi agus chuaigh sí ar a glúine os comhair an Rí. Dúirt sí i nguth soiléir:

A dhuine uasail, impím ort as ucht an ghrá go léir a bhí eadrainn, lig dom ceart agus cóir a bheith agam. Bíodh trua agus taise éigin agat dom mar níl ionam ach bean, agus strainséir a rugadh lasmuigh de do ríocht. Níl aon chara cinnte agam anseo, agus tagaim chugat mar is tusa atá mar cheann ar cheart agus ar chóir sa ríocht seo.

Iarraim ar Dhia agus ar a bhfuil anseo i láthair a bheith ina bhfínnéithe go raibh mé i mo bhean chéile dhilis umhal a rinne do thoil i gcónaí. Táim tar éis a bheith toilteanach i gcónaí do mhianta agus do thoil a chomhlíonadh. Thug mé grá don uile dhuine a raibh grá agatsa dó ar do shonsa, ba chuma cairde nó naimhde agam féin iad.

Tá breis agus fiche bliain caite agam mar bhean chéile dhilis agatsa. Is mó páiste a rug mé duit ach ba é toil Dé é iad do thógáil uainn as an saol seo.

Nuair a bhí mé agat mar bhean chéile den chéad uair fiormhaighdean a bhí ionam gan baint agam le fear ar bith. Glaoim ar Dhia a bheith mar bhreitheamh agam. Cuirim faoi do choinsias é go bhfuil sé seo fíor.

Foinse: Garrett Mattingly, *Catherine of Aragon*, Jonathan Cape, 1942.

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos

Éire: Topaic 1

Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494 – 1558

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Baineann an sliocht seo thíos le Plandáil Laoise agus Uíbh Fháilí. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Chun an talamh a fháil ar cíos bhí ar an bplandálaí geallúint a thabhairt go ndéanfadh sé na rudaí seo a leanas:

- Teach cloiche ar stíl na Sasanach a thógáil
- Gan Éireannaigh a bheith aige mar sheirbhísigh ná mar lucht oibre
- Gan aon chuid dá thalamh a dhíol nó a thabhairt ar cíos d'aon Éireannach
- A chuid seirbhíseach a thraenáil mar bhoghdóirí ionas go bhféadfaí glaoch orthu chun seirbhís a thabhairt in arm Shasana
- Gan dul ag cónaí in aon áit ar leithligh ón talamh a fuair sé sa Phlandáil

Gráinne Henry, *Tudor and Stuart: reformation, conquest or colonization?* 1996.

1. Cén fáth a raibh ar na plandálaithe a gcuid seirbhíseach Sasanach a thraenáil mar bhoghdóirí?
2. Cén fáth a raibh ar na plandálaithe a gcuid tithe a thógáil le clocha ar an stíl Sasanach?
3. Cén fáth ar phlandáladh na contaetha Laois agus Uíbh Fháilí?
4. Cad iad na clanna Éireannacha a chaill tailte i bPlandáil Laoise agus Uíbh Fháilí?
5. Cad iad na socrúithe a rinneadh maidir leo sin ar coigistíodh a gcuid tailte le haghaidh na plandála?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Eaglais in Éirinn roimh an Reifirméisean.
2. Eileanóir Nic Gearailt agus Léig na nGearaltach.
3. Díscáoileadh na mainistreacha.
4. Conn Bacach Ó Néill.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar éirigh Gearóid Mór Mac Gearailt chomh cumhachtach sin?
2. Cad a thuigtear le Géilleadh agus Athbhronnadh agus conas a chuir Sir Anthony St. Leger an polasaí seo i bhfeidhm?
3. Na mic léinn a bhí tar éis staidéar a dhéanamh i Scoileanna na mBard, cén chaoi ar éirigh leo slí bheatha a bhaint amach ina dhiaidh sin?
4. Cad iad na polasaithe creidimh a bhí ag an mBanríon Máire Túdar?

Éire: Topaic 2
Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 - 1603

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo atá curtha in eagar. Tógadh é as doiciméad a cuireadh go dtí Fear Ionaid an Rí sa bhliain 1591. Sa sliocht déanann Éamonn Pléimíonn cáineadh ar Mheiler Mac Craith.

Bréagadóir nach bhfuil aon chreideamh ceart aige is ea Meiler Mac Craith agus tá sé mar aidhm aige an dubh a chur ina gheal ar Dhia agus ar an domhan mór mar a dhéanfadh ‘tadhg an dá thaobh’. Fuair sé bronntanais mhóra ón bPápa. Choimeád sé easpaig áirithe ón Róimh ina theach. Téann Meiler timpeall na tíre agus ar fud na mbailte móra agus é gléasta mar a bheadh laoch troda i nduibléid leathair slíoctha le seaicéid agus briste agus claiomh lena thaobh aige agus grúpa fir armtha in éineacht leis. Bailíonn sé marshlua arm agus coisithe chun an rud a bhíonn ag teastáil uaidh a bhaint amach leis an lámh láidir.

1. Cén chaoi a bhí Meiler Mac Craith gléasta faoin tuath agus sna bailte móra?
2. Cén fáth ar cuireadh ina leith gur ‘tadhg an dá thaobh’ é?
3. Cén chaoi ar chaith an Pápa le Meiler Mac Craith?
4. Cén chaoi ar chaith Meiler Mac Craith leis na heaspaig Chaitliceacha?
5. Cad iad na post a bhí ag Meiler Mac Craith in Éirinn i réimeas Eilíse?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir Henry Sidney in Éirinn.
2. Baile Átha Cliath le linn réimeas Eilíse.
3. Tadhg Dall Ó hUiginn.
4. Gráinne Uí Mháille.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Seán Ó Néill agus ar bhain sé amach iad?
2. Cad a bhí in Imshocraíocht Chonnacht agus cén chaoi ar cuireadh i bhfeidhm í?
3. Cén fáth ar tharla plandáil na Mumhan agus ar éirigh léi?
4. Cén fáth a ndearna Aodh Ó Néill Cogadh na Naoi mBliana a fhearadh?

Éire: Topaic 3

An ríocht agus an choilíneacht: An streachailt don lámh uachtar in Éirinn, 1603 – 1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo atá curtha in eagar. Tógadh é as tuarascáil a scríobh Nicholas Pynnar i 1619 mar gheall ar an dul chun cinn a bhí déanta i bPlandáil Uladh. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Tugaim faoi deara go bhfuil an líon is mó Éireannach ina gcónaí ar thalamh a bronnadh ar chathair Londan. Tá sé seo tar éis tarlú ar dhá bhealach.

Ar an gcéad dul síos, cúig ranna talún a bhí leagtha amach le tabhairt do chomhlachtaí, nior bhronnadh ar aon duine iad. Tá siad i seilbh gníomhairí a fhaigheann brabús níos fearr as iad a thabhairt do na hÉireannaigh seachas do thionóntaí Briotanacha. Ní theastaíonn uathu plé leis na Briotanaigh. Cuireann siad ina luí ar an gcomhlacht go bhfuil na tailte sléibhtiúil agus gur beag brabús a bheadh astu. Níl siad ag smaoineamh ar shlándáil na dtailte amach anseo.

San dara háit tá seacht ranna eile ar léas 61 bliain ag a lán daoine. Tá siad seo ag rá nach bhfuil aon cheangal orthu Sasanaigh a phlandáil agus gur féidir leo pé duine is mian leo a phlandáil. Deir siad nach bhfuil sé de cheangal ar Chathair Londan Sasanaigh a phlandáil de réir na bpaiteanna a fuair siad ón Rí.

1. Cén áit ina raibh cónaí ar an líon ba mhó de thionóntaí Éireannacha?
2. Cén fáth arbh fhearr leis na gealltóirí tionóntaí Éireannacha?
3. Cad é an baol ba mhó a bhí ann do na plandálaithe nua?
4. Cén sórt áitribh ina raibh cónaí ar na plandálaithe?
5. Cad as ar tháinig na plandálaithe agus cén reiligiún a bhí acu?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Pádraig Ó Dorchaí.
2. Triail Thomas Wentworth, Iarla Strafford.
3. Seathrún Céitinn agus *Foras Feasa*.
4. Na Ceithre Máistrí.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a d'athraigh i gCúige Uladh de bharr inimirce na nAlbanach?
2. Cad iad na cúiseanna a bhí le hÉirí Amach 1641?
3. Cén pháirt a ghlac Rinuccini i gcúrsaí na hÉireann?
4. Cén obair a rinne Coláiste na nGael i Lováin agus cén fáth a raibh tábhacht ag baint leis d'Éirinn?

Éire: Topaic 4
Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Cuntas atá curtha in eagar is ea é seo ar Acht a ritheadh i bParlaimint na hÉireann sa bhliain 1695 chun Caitlicigh a dhí-armáil. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Na ceadúnais go léir chun airm a iompar, tógadh ar ais iad ó Chaitlicigh agus ordáíodh dóibh gach gunna, muscaed agus armlón a bhí acu a thabhairt suas. Rinneadh eisceacht de na tiarnaí agus de na huaisle Chaitliceacha a bhí tar éis géilleadh faoi théarmaí Chonradh Luimnigh, bhí cead acusan a gclaimhte agus a gcásanna piostail a choimeád agus gunna foghlaeireachta a bheith acu chun ainmhithe agus éanlaithe fiáine a lámhach, fad is a bhí siad tar éis mionn dílseachta a thabhairt. Ba é seo an t-aon eisceacht a bhí san Acht a thug le tuiscint nach raibh coinne le foréigean ó aon duine ach ó Chaitlicigh.

Tugadh údarás do na giúistísí a gcuid tithe a chuardach. Glacadh leis nach raibh capaill ag teastáil ó na Caitlicigh ach amháin don talmhaíocht agus dá bhrí sin cuireadh cosc orthu aon chapall arbh fhiú níos mó ná cúig phunt é a bheith acu. D'fhéadfadh aon Phrotastúnach capall le Caitliceach a éileamh agus é a thógáil dá n-íocfadh sé cúig ghiní leis an oifigeach dlí ba chónगरaí chun go dtabharfaí don úinéir é. Bhí ar lucht déanta gunnaí agus claimhte mionn dílseachta a thabhairt sula mbeadh cead acu a gceird a chleachtadh agus bhí bac orthu Caitlicigh a thógáil mar phrintísigh ionas nach mbeadh an scil ag na Caitlicigh airm a dhéanamh.

James Anthony Froude, *The English in Ireland in the Eighteenth Century*, London, 1882.

1. Cad iad na hairm bhí ar na Caitlicigh a thabhairt suas?
2. Na Caitlicigh a bhí tar éis géilleadh faoi théarmaí Chonradh Luimnigh, cad iad na hairm a raibh cead acu iad a choimeád?
3. Cén chaoi a cuireadh bac ar Chaitlicigh na scileanna a bheith acu a bhain le hairm a dhéanamh?
4. Cén sórt capall a d'oirfeadh do Chaitliceach dar leis na húdaráis?
5. Cad a bhí le déanamh ag Protastúnach chun capall luachmhar le Caitliceach a fháil?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Iarla Thír Chonaill
2. Pádraig Sáirséal
3. Baile Átha Cliath i rith na hAisghairme.
4. Dáibhí Ó Bruadair.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé bhí i gceannas ar Pharlaimint na bliana 1689 agus cad iad na dlíthe a rith an parlaimint sin?
2. Cén tionchar a bhí ag bua Liam i gCogadh an Dá Rí ar an gcumhacht agus ar an maoin in Éirinn?
3. Cad iad na saoirsí creidimh nach raibh fáil orthu de bharr na bpéindlíthe?
4. Cérbh iad na filí Seacaibíteacha agus cén t-ábhar a mbídís ag scríobh faoi?

Éire: Topaic 5

An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715 – 1770

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht atá curtha in eagar is ea é seo ina ndéantar cur síos ar Thoirbhealach Ó Cearbhalláin agus ar a chuid ceoil. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Bíonn siad ag caint ar an máistir iontach seo a bhíodh acu, Ó Cearbhalláin, fear a bhí cosúil le Hóiméar sa mhéid go raibh sé dall agus go ngabhadh sé thart ag casadh agus ag seinm a chuid rosc ceoil. Ó tharla go raibh mí-ádh air ó thaobh cúrsaí grá go luath ina shaol, deirtear gur chuir sé a chláirseach i dtiúin le siansa an mharbhna. Tá ceann dá chuid píosaí cloiste agam agus, dar liom, léirigh na fuaimeanna ann an meon aigne céanna leis na focail i marbhnaí an ghrá. Tá ceol eile dá chuid cloiste agam a dtugtar Plancstaí orthu, agus cuireann siad an-ghiúmar ar dhaoine. Bhí a chluas ceoil chomh pointeáilte agus a chuimhne chomh coinneálach sin go raibh sé in ann, ar an gcéad éisteacht, cuid de na píosaí is deacra de cheol na hIodáile a sheinm, rud a chur an-iontas ar Geminiani.

Thomas Campbell, *Philosophical Survey of the South of Ireland*, 1777.

1. Cén uirlis cheoil a sheinn Toirbhealach Ó Cearbhalláin?
2. Cén míchumas a bhí ar Thoirbhealach Ó Cearbhalláin?
3. Ainmnigh saghas amháin foinn a sheinn Ó Cearbhalláin.
4. Cén chaoi a chuir Ó Cearbhalláin iontas ar an gceoltóir clúiteach Iodálach, Geminiani?
5. Cad iad na píosaí a chum Ó Cearbhalláin a bhfuil fáil orthu anois?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Leathphinginí Wood.
2. Dean Swift agus Litreacha Drapier.
3. Na Cúirteanna Filíochta.
4. Triail an Athar Uí Shíthigh.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cérbh iad muintir Ponsonby agus cén fáth a raibh siad tábhachtach?
2. Cén fáth a raibh na Buachaillí Bána gníomhach agus cén toradh a bhí ar a gcuid gníomhartha?
3. Conas a bhí an saol ag coiteoirí, fir oibre agus spailpíní faoin tuath in Éirinn, 1715 -1770?
4. Cén chaoi ar tháinig forbairt agus rath ar an tionsclaíocht agus ar an trádáil in Éirinn, 1715-1770?

Éire: Topaic 6
Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht atá curtha in eagar is ea é seo. Scríobh Sir Jonah Barrington é mar gheall ar Loch Garman i 1798. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Díreach tar éis ghabháil Loch Garman, thug mé cuairt ar an gcontae chun an scríos a rinne an cogadh a fheiceáil. Rinneadh ionsaí ar Inis Córthaidh faoi dhó agus beagnach gur cuireadh trí thine é. Ba léir ar Ros Mhic Thriúin an toradh léanmhar ar an gcath fuilteach géar ann a mhair ar feadh deich n-uaire an chloig. Nuair a thit an Tiarna Mountjoy agus é ag ceann a reisiminte, chúlaigh a chuid saighdiúirí agus an ceannairceach a mharraigh é, thóg sé uaireadóir an tiarna amach as a phóca. Bhí a lán claiseanna lán de chorpáin ar Chnoc Fíodh na gCaor, agus ba chosúil go raibh ballaí sean-mhuileann gaoithe ar a mhullach spréachta le fuil agus le hinchinn na bhfear bocht a sáthadh nó a lámhachadh leis na ceannaircigh. Ba mhillteach an rud é féachaint ar na fothracha a bhí fágtha de Theach na Cúirte in Inis Córthaidh, áit ar dhóigh ár gcuid saighdiúirí níos mó ná 80 ceannairceach gonta agus an scioból i Scolbóg inar dhóigh na ceannaircigh 120 Protastúnach mar dhioltas. Bhí baile Ghuaire scriosta go hiomlán agus bhí corpáin na ndaoine a maraíodh caite cois clai agus gan iad ach leathchlúdaithe.

Foinse: Padraic O'Farrell (Editor), *The '98 Reader*, Dublin 1998.

1. Cén fhad a mhair an cath i Ros Mhic Thriúin?
2. Cén baile a ionsaíodh faoi dhó san éirí amach?
3. Ainmnigh cúig áit a luaitear sa chuntas inar maraíodh daoine i 1798.
4. Ainmnigh ceithre áit a luaitear sa chuntas a dódh nó a scriosadh i 1798.
5. Ainmnigh beirt a bhí ina gceannairí ar Éirí Amach Loch Garman i 1798.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht i dtreis Bhéal Feirste.
2. Wolfe Tone agus na hÉireannaigh Aontaithe.
3. An Tiarna Castlereagh.
4. Mary Anne McCracken.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a d'éirigh le Parlaimint Grattan a chur i gcrích?
2. Cén fáth ar bunaíodh Coláiste Mhaigh Nuad (1795) agus cad a d'éirigh leis a thabhairt i gcrích le linn na tréimhse 1795-1815?
3. Cad a rinne Nano Nagle chun feabhas a chur ar oideachas na gcaoilíní Caitliceacha?
4. Cén fáth agus cén chaoi ar ritheadh Acht an Aontais?

THALL →

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2

Creideamh agus cumhacht: polaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo atá curtha in eagar. Tamall gairid roimh Ár Lá Fhéile Bairtliméid déanann Caitriona de Medici iarracht áitiú ar a mac, an Rí Séarlas, nach bhfuil an rud ceart á dhéanamh aige. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Tar éis an trioblóid go léir a bhí agam tú a thógáil agus do choróin a chosaint ar na Caitlicigh agus ar na hÚgónaigh agus mé féin a chur i gcontúirt ar do shon, níor smaoinigh mé riamh go gcaithfeá chomh holt sin liom. Téann tú i bhfolach uaimse, do mháthair féin, agus tugann tú cluas don chomhairle a fhaigheann tú ó do naimhde. Iompaíonn tú uaimse, mise a rinne gach iarracht i gcónaí tú a chosaint agus téann tú chucu sin a dteastaíonn uathu tú a mharú. Tá a fhios agam go bhfuil tú tar éis a bheith ag caint leis an Aimiréal agus go dteastaíonn uait, gan smaoiniamh i gceart air roimh ré, cogadh a chur ar an Spáinn, rud a chuirfeadh do ríocht agus tusa agus mise san áireamh go mór i mbaol ó na hÚgónaigh.

Martyn Rady, *France 1494-1610: Renaissance, Religion and Recovery*, 1988.

1. Cad a deir Caitriona de Medici a rinne sí ar son an Rí?
2. Cé atá ag tabhairt comhairle don Rí anois, dar le Caitriona de Medici?
3. Cad é an tír a dteastaíonn ón Rí agus ón Aimiréal cogadh a chur air?
4. Cad é an dochar a dhéanfaid cogadh dá leithéid don Fhrainc, dar le Caitriona de Medici?
5. Cérbh é an tAimiréal agus cén fáth a raibh Caitriona de Medici chomh mór sin ina choinne?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Matteo Ricci agus misean na nÍosánach go dtí an tSín.
2. Sir Walter Raleigh.
3. Eilís I agus an tAnglacánachas.
4. Tycho Brahe agus an réalteolaíocht.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar phleanáil Pilib II Armáid na Spáinne agus conas a chuaigh an plean ar strae?
2. Cén fáth ar tháinig meath ar an tábhacht a bhain le calafort Antuairp?
3. Cén pháirt a ghlac Liam Tostach in Éirí Amach na hÍsiltíre?
4. Conas a tháinig forbairt ar Muscovy, 1567-1609?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo atá curtha in eagar. Tógadh é as an *Teachtaireacht Réaltach*, 1610, a scríobh Galileo Galilei mar gheall ar fhionnachtain ghealachacha Iúpatair. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Ar 7 Eanáir 1610, bhí mé ag féachaint trí theileascóp ar an bpláinéad Iúpatar. Bhí mé tar éis gléas sármhaith a ullmhú dom féin agus thug mé rud faoi deara nár thug mé faoi deara riamh roimhe sin de bharr easpa cumhachta i mo theileascóip eile. Chonaic mé trí réalt bheaga a bhí an-gheal in aice leis an bpláinéad Iúpatar, dhá cheann ar an taobh thoir de agus ceann amháin siar uaidh. Ar 8 Eanáir nuair a chas mé arís chun féachaint ar an gcuid chéanna den spéir fuair mé amach go raibh athrú mór tar éis tarlú mar go raibh trí réalt bheaga siar ó Iúpatar. Ar 10 Eanáir bhí na réalta i suíomh difriúil. Dá bhri sin bhí mé den tuairim, agus is é an tátal a bhain mé as láithreach, go bhfuil trí réalt sa spéir ag gluaiseacht timpeall Iúpatair ar an gcaoi chéanna a ngluaiseann Véineas agus Mearcair timpeall na gréine. As a bheith ag féachaint ar Iúpatar cuid mhaith uaireanta ina dhiaidh sin, fuair mé amach nach trí mheall neimhe ach ceithre cinn atá ag casadh timpeall Iúpatair.

1. Cad é an gléas sármhaith a bhí Galileo a úsáid?
2. Cé a d'ullmhaigh an gléas seo do Galileo?
3. Conas a bhí an gléas nua níos fearr ná na cinn a bhí ann roimhe sin?
4. Cad a chonaic Galileo den chéad uair in aice le hIúpatar?
5. Cad é an tátal a bhain Galileo as sa deireadh thiar mar gheall ar Iúpatar tar éis dó a bheith ag breathnú ar an bpláinéad ar feadh tamaill mhaith?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Cúnta Olivares agus Éirí Amach na gCatalónach.
2. Wallenstein agus an Cogadh Tríocha Bliain.
3. Géarleanúint na gCailleach.
4. Christina Banríon na Sualainne.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a bunaíodh an Impireacht Dhúitseach san Áis agus cé chomh tábhachtach a bhí sé don Ísiltír?
2. Cad a rinne Richelieu chun an Fhrainc a aontú agus a neartú?
3. Cén fáth ar tugadh Galileo os comhair an Ionchoisne agus cad a tharla dó?
4. Cén ceol nó ealaín bharócach a chruthaigh duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Claudio Monteverdi; Gian Lorenzo Bernini; Peter Paul Rubens?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo atá curtha in eagar. Tógadh é as litir a scríobh Samuel Pepys, an dialannaí mór, chuig a chara faoina shaol i Londain sa bhliain 1665. Léigh é agus freagair na ceistanna thíos.

Tá mé tar éis fanacht sa chathair go dtí go bhfuair 7,400 duine bás i seachtain amháin agus, díobh sin, d'éag timpeall 6,000 duine leis an bplá. Ba bheag fuaim eile a chloistí de ló na istoiche seachas fuaim na gclog sna heaglaisí. D'fhéadfainn siúl síos Sráid Lumber gan bualadh le fiche duine ó cheann ceann na sráide agus ní bhuaifinn le caoga sa Mhalartán. Tá scríos iomlán déanta ar theaghlaigh, go minic deichniúr nó dáréag scuabtha chun siúil. An lia pearsanta a bhí agam, an Dochtúir Burnet, a rinne gach iarracht mé a chosaint ón ngalar, fuair sé féin bás leis an bplá. Biodh is go bhfuil na hoícheanta tar éis dul i bhfad, tá siad ró-ghairid fós chun adhlacadh na ndaoine a fuair bás an lá roimhe sin a cheilt. Mar fhocal scoir, ní fhéadfainn feoil shábháilte ná deoch shábháilte a fháil. Tá an galar tar éis scaipeadh gach áit go dtí na siopaí búistéara agus tá teach an bhríbhéara a bhí agam dúnta (bhí air na doirse a dhúnadh agus stop a chur leis an díolachán mar gheall ar an bplá) agus tá mo bháicéir agus a chlann go léir tar éis bás a fháil leis an bplá.

1. Cén fáth a raibh deacracht ag Samuel Pepys feoil agus deoch shábháilte a fháil i 1665?
2. Cé mhéid duine a fuair bás leis an bplá i Londain i seachtain amháin dar le Pepys?
3. Cén gheallúint a thug a dhochtúir do Pepys agus an raibh sé ábalta an gheallúint a chomhlíonadh?
4. Cé mhéad duine a bhíodh i gclann de ghnáth dar le Pepys?
5. Cén uair a dhéantaí na daoine a fuair bás den phlá a adhlacadh dar le Pepys?
6. Cad atá le rá ag Pepys faoi lucht gnó áirithe a d'fhan i Londain sa bhliain 1665?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Na Streltsy.
2. Jean Baptiste Colbert.
3. Isaac Newton.
4. Madame de Maintenon.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar úsáid Louis XIV cúirt Versailles chun léaspáin a chur ar a chuid géillsineach?
2. Cad é an príomhghnó a bhí ag Comhlacht Sasanach na hIndia Thoir agus cé chomh mór agus a d'éirigh leis?
3. Cad a rinne Peadar Mór don Rúis?
4. Cad a chuir Gottfried Leibnitz leis an eolaíocht?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Impireachtaí á mBunú, 1715 – 1775

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

An sliocht seo ó Voltaire, spreagann sé ceisteanna faoin neamhionannas agus faoin aicmeachas. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

Is é an bochtanas a dhéanann fear amháin níos ísle ná fear eile. Ní he an neamhionannas é, ach a bheith ag brath ar dhaoine eile, sin é an mí-ádh ceart. Ní dhéanann sé mórán difríochta má thugann an fear seo ‘A Shoilse’ ar féin nó an fear sin ‘A Naofacht’. An rud atá deacair ná a bheith umhal dóibh.

Sa saol míshocair atá againn is deacair gan daoine sa tsochaí a roinnt ina dhá n-aicme: na daoine saibhre a thugann ordaithe agus na bochtáin a bhíonn umhal dóibh. Ansin roinntear an dá aicme seo ina míle píosa agus tá difríochtaí níos caolchúisí fós sa mhíle seo.

An cine daonna, faoi mar atá sé faoi láthair, ní féidir leis leanúint ar aghaidh mura mbíonn líon gan chuimse d’fhir stuama ann nach bhfuil faic faoin spéir acu. An fear atá go maith as, tá sé cinnte nach bhfágfaidh sé a chuid talún chun teacht agus do chuidse a threabhadh agus má tá péire bróg uait ní hé Breitheamh an Achomhairc a dhéanfaidh duit iad. Dá bhri sin tá an comhionannas ar na rudaí is nádúrtha agus ina theannta sin ar na rudaí nach bhfuil ach ina samhail.

Inár gcroí istigh tá sé de cheart ag gach duine a bheith den tuairim go bhfuil sé ar aon chéim le daoine eile ach ní hionann sin agus a rá gur féidir leis an gcócaire atá ag an gcairdinéal ordú dá mháistir a dhinnéar a ullmhú dó. Ach is féidir leis an gcócaire a rá ‘fear is ea mé cosúil le mo mháistir a rugadh le deora mar a rugadh eisean. Nuair a gheobhaidh sé bás beidh an eagla chéanna airsean a bheidh ormsa agus na deasghnátha céanna againn beirt’.

Francois-Marie Arouet, *Dictionnaire Philosophique*, Nancy, 1765.

1. Cad a dhéanann fear amháin níos ísle ná fear eile, dar le Voltaire?
2. Cad iad na haicmí ina roinntear daoine, dar le Voltaire?
3. Cén fáth a bhfuil gá le líon gan chuimse d’fhir stuama, dar le Voltaire?
4. Cad a cheapann gach aon duine ina chroí istigh faoin gcomhionannas, dar le Voltaire?
5. Cad é an rud is nádúrtha ach nach bhfuil ach ina shamhail, dar le Voltaire?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Caitríona Mhór na Rúise.
2. Jean Jacques Rousseau.
3. Benjamin Franklin.
4. Maria Theresa na hOstaire.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar fhorbair Feardorcha Mór an Phrúis agus ar chuir sé le cumhacht na tíre sin?
2. Cén chaoi ar mhéadaigh Robert Clive cumhacht pholaitíochta agus mhíleata Chomhlacht na hIndia Thoir?
3. Conas a eagraíodh plandálacha sclábhaíochta na nIndiacha Thiar agus cad chuige?
4. Cad a bhí sa Boston Tea Party agus cén fáth ar tharla sé?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht is ea é seo as Dlí 22 de Bhliain Prairial 11 (10 Meitheamh 1794). Léigh é agus freagair na ceistanna thíos.

Tá Binse na Réabhlóide chun pionós a chur ar naimhde an phobail. Sin iad na daoine a dhéanann iarracht an tsaoirse phoiblí a mhilleadh trí úsáid a bhaint as fórsa nó trí gliceas. ...

Faoi údarás Bhinse na Réabhlóide, an pionós atá ann do gach coir ná an bás.

Sa chruthú is gá chun naimhde an phobail a chiontú, cuirtear gach sórt fianaise san áireamh a bheadh inghlactha ag aon fhear le haigne chóir chothrom. ...

Tá sé de cheart ag gach cathróir comhchealgairí agus frithréabhlóidithe a ghabháil agus iad a thabhairt os comhair na ngiúistísí. Bíonn air iad a cháineadh a luaithe agus a bhíonn aithne aige orthu. ...

Déanfar an té a bhfuil coir ina leith a cheistiú os comhair an phobail i dTeach na Cúirte.

Liberty, Equality, fraternity: Exploring the French Revolution, J. R. Censer & L. Hunt, 2001.

1. Cé hiad naimhde an phobail, dar leis an dlí seo?
2. Cén chaoi agus cén áit ina ndéanfar an té a bhfuil coir ina leith a chur faoi thriail?
3. Cén fhianaise a nglacfaidh Binse na Réabhlóide leis mar chruthú go bhfuil duine ciontach?
4. Cad a chaithfidh gach cathróir a dhéanamh faoi na comhchealgairí, dar leis an dlí seo?
5. Cad é an pionós atá ann dóibh siúd a bhfaigheann Binse na Réabhlóide ciontach iad?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ludwig van Beethoven.
2. Mary Wollstonecraft.
3. James Madison.
4. Bunreacht Sibhialta na Cléire.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a bhí dálaí maireachtála fhormhór na n-oibrithe i Manchain, 1775-1815?
2. Cad a rinne Robespierre agus an Coiste Slándála Poiblí sa Fhrainc, 1793-1794?
3. Cén chaoi ar chuir Napoléon athrú ar an saol sa Fhrainc?
4. Cén chaoi a chuir an Réabhlóid Talmhaíochta athrú ar an saol i Sasana?

Leathanach Bán

Leathanach Bán